

An
Bord
Pleanála

Ordú ón mBord
ABP-318723-23

Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2022

Planning and Development Acts 2000 to 2022

Údarás Pleanála: Comhairle Contae na Gaillimhe

Planning Authority: Galway County Council

Uimhir Thagartha ar an gClár Pleanála: 23/225

Planning Register Reference Number: 23/225

Achomharc ó Knockranny Moycullen Wind Farm Action Group faoi chúram Dara Canavan, Pillagh, Maigh Cuilinn, Contae na Gaillimhe, agus Daoine Eile in aghaidh an chinnidh a rinne Comhairle Contae na Gaillimhe an 22^ú lá de mhí na Samhna 2023 cead a dheonú, faoi réir coinníollacha, do Western Power Developments Limited faoi chúram Conor Frehill, HW Planning, 5 Teach an tSeoighigh, Cearnóg na Beairice, Baile an Chollaigh, Contae Chorcaí, i gcomhréir le pleananna agus sonraí a taisceadh leis an gComhairle sin:

Forbairt Bheartaithe: (1) Athruithe ar Fheirm Ghaoithe Chnoc Raithní (Uimhir Thagartha Pleanála Chomhairle Contae na Gaillimhe: 13/829, agus Uimhir Thagartha an Bhoird Pleanála: 07.243094), a chuimsíonn 11 tuirbín gaoithe atá 150 méadar ar airde ón talamh chuig gob na lainne (cothrom le méadú 19.5 méadar agus 9.5 méadar i gcomparáid leis an airde 130.5 méadar agus 140.5 méadar a ceadaíodh roimhe sin), rótar atá 68 méadar nó

69 méadar ar airde, agus mol atá 81 mhéadar nó 82 mhéadar ar airde; méadú gaolmhar ar bhunsraitheanna na dtuirbíní; agus cábla ceadaithe fostáisiúin agus faoi thalamh 110 kV ar an láithreán a fhágáil ar lár; (2) Cábla leictreach agus cumarsáide faoi thalamh (33 kV) a sholáthar lena nascfar na 11 tuirbín gaoithe le fostáisiún Fheirm Ghaoithe na nArd-doiriú chun nascadh leis an eangach náisiúnta, lena n-áireofar rian nua seirbhíse cábla (ar a mbeidh trasrianta sruthchúrsa/lintéir), agus bóthar rochtana láithreach a leathnú; fostáisiún na nArd-doiriú a shíneadh laistigh den chompún fostáisiúin láithreach, lena n-áireofar an foirgneamh rialaithe a shíneadh, claochladán nua 110 kV, agus gléasra agus gaireas leictreach nua; (3) Na hoibreacha gaolmhara forbartha láithreáin agus coimhdeacha uile os cionn talún agus faoina bun chun tacú leis an méid thuas, lena n-áireofar draenáil láithreáin agus leagan crann; (4) Tá tréimhse oibriúcháin agus fad cead pleanála atá ag teacht leis an gcead láithreach (Uimhir Thagartha an Bhoird Pleanála: 07.243094) á lorg i mbailte fearainn Chnoc Raithní, na nArd-doiriú, agus Leitreach, Maigh Cuilinn, Contae na Gaillimhe. Tá an láithreán lonnaithe laistigh de limistéar Gaeltachta.

Cinneadh

Cead a DHEONÚ don fhorbairt bheartaithe thuas i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí luaite, bunaithe ar na cúiseanna agus na cúinsí faoi bhun agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos.

Cúiseanna agus Cúinsí

Ag féachaint do na nithe seo a leanas;

- (a) na beartais agus na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022-2028,
- (b) Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair 2020-2032,
- (c) na forálacha den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024, agus aird á tabhairt ar fhorbairt foinsí fuinnimh malartacha agus dúchasacha agus ar íoslaghdú astaíochtaí ó gháis cheaptha teasa,
- (d) na forálacha de na Treoirlínte maidir le Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála arna n-eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (2006) (arna nuashonrú i mí na Samhna 2021),
- (e) na forálacha de na Dréacht-Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt (2019), arna n-ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (arna nuashonrú i mí Eanáir 2020),
- (f) an Beartas iomchuí Eorpach agus Náisiúnta agus na Treoirlínte iomchuí Eorpacha agus Náisiúnta,
- (g) cineál, scála, dearadh agus láthair na forbartha beartaithe,
- (h) stair phleanála an láithreáin agus an limistéir máguaird,
- (i) patrún na forbartha láithrí agus na forbartha ceadaithe sa limistéar,
- (j) an fad idir an fhorbairt bheartaithe agus teaghaisí agus gabhdóirí íogaire eile,

- (k) an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a cuireadh isteach,
- (l) Ráiteas Tionchair Natura a cuireadh isteach,
- (m) na haighneachtaí agus na tuairimí a fuarthas, agus
- (n) na hiarmhairtí is dóigh a bheidh ann don chomhshaol agus do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir ina mbeartaítear an fhorbairt bheartaithe a dhéanamh, agus na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar Láithreáin Eorpacha (lena n-áirítear láithreáin trasteorann),

meastar, faoi réir na coinníollacha atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh, go mbeadh an fhorbairt bheartaithe inghlactha ag an láthair seo, go mbeadh sí inghlactha i ndáil leis an tionchar ar thaitneamhachtaí amhairc agus saintréith tírdhreacha an limistéir, nach ndéanadh sí díobháil thromchúiseach do thaitneamhachtaí maoinne sa chomharsanacht, go mbeadh sí inghlactha ó thaobh sábháilteacht coisithe agus tráchta de agus nach ndéanadh sí aon dochar don tsláinte phoiblí. Dá bhrí sin, bheadh an fhorbairt bheartaithe i gcomhréir le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

Scagadh Measúnachta Cuí

Chomhaontaigh an Bord leis an measúnacht scagtha agus leis an gconclúid a rinneadh sa tuarascáil ón gCigire á rá gurb iad Limistéar Cosanta Speisialta Choimpléasc Phortach Chonamara (Cód láithreáin: 004181) agus Limistéar Cosanta Speisialta Loch Coirib (Cód láithreáin: 004042) na haon Láithreáin Eorpacha amháin a bhféadfadh an fhorbairt bheartaithe éifeacht shuntasach a bheith aici orthu, agus ghlac an Bord an mheasúnacht scagtha agus an chonclúid sin.

Measúnacht Chuí

Rinne an Bord breithniú ar an Scagadh Measúnachta Cuí agus ar Ráiteas Tionchair Natura, agus ar dhoiciméid ghaolmhara a cuireadh isteach in éineacht leis an iarratas pleanála agus leis an achomharc, ar na bearta maolaithe atá iontu, ar na haighneachtaí atá ar comhad, agus ar an measúnacht ón gCigire. Chuir an Bord measúnacht chuí i gcrích ar impleachtaí na forbartha beartaithe do na láithreáin Eorpacha lena mbaineann, eadhon Limistéar Cosanta Speisialta Choimpléasc Phortach Chonamara (Cód láithreáin: 004181) agus Limistéar Cosanta Speisialta Loch Coirib (Cód láithreáin: 004042), i bhfianaise chuspóirí caomhantais an láithreáin. Mheas an Bord gur leor an fhaisnéis a bhí os a chomhair chun measúnacht chuí a dhéanamh. Agus an mheasúnacht chuí á cur i gcrích aige, rinne an Bord breithniú ar leith ar na nithe seo a leanas:

- (i) na tionchair dhíreacha agus indíreacha ar dóigh dóibh teacht as an bhforbairt bheartaithe, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile,
- (ii) na bearta maolaithe atá ar áireamh sa togra reatha, agus
- (iii) na cuspóirí caomhantais don láithreán Eorpach.

Agus an mheasúnacht chuí á cur i gcrích aige, ghlac an Bord leis an measúnacht chuí a rinneadh sa tuarascáil ón gCigire maidir leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bheartaithe ar shláine na láithreán Eorpach réamhluaite, agus ghlac sé an mheasúnacht sin, agus aird á tabhairt ar chuspóirí caomhantais an láithreáin.

Sa chonclúid fhoriomlán uaidh, ba dheimhin leis an mBord nach ndéanadh an fhorbairt bheartaithe, aisti féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, dochar do shláine na láithreán Eorpach, i bhfianaise chuspóirí caomhantais an láithreáin, agus nach bhfuil aon amhras eolaíoch réasúnach ann maidir le héifeachtaí den sórt sin a bheith in easnamh.

Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Chuir an Bord Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gcrích ar an bhforbairt bheartaithe, agus aird á tabhairt aige ar na nithe seo a leanas:

- (a) cineál, scála, láthair agus méid na forbartha beartaithe,
- (b) an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus na doiciméid ghaolmhara a cuireadh isteach chun tacú leis an iarratas,
- (c) na haighneachtaí a fuarthas ón iarratasóir, ón údarás áitiúil, ó chomhlachtaí forordaithe, agus ó bhreathnóirí le linn an iarratais, agus,
- (d) an tuarascáil ón gCigire Pleanála.

Maidir leis an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus na doiciméid tacaíochta a chuir an t-iarratasóir isteach, mheas an Bord go sainaithnítear go himleor iontu na héifeachtaí díreacha, indíreacha, tánaisteacha agus carnacha a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol agus go dtugtar tuairisc imleor ar na héifeachtaí sin iontu. Chomhaontaigh an Bord leis an scrúdú, mar atá leagtha amach sa tuarascáil ón gCigire, ar an bhfaisnéis atá sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus sna doiciméid ghaolmhara a chuir an t-iarratasóir isteach agus sna haighneachtaí a rinneadh le linn an iarratais.

Conclúid réasúnaithe ar na héifeachtaí suntasacha

Mheas an Bord gurb iad seo a leanas na príomhéifeachtaí suntasacha díreacha agus indíreacha a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol agus go maolófaí iad mar a leanas, nuair is iomchuí:

- Tionchar Tírdhreacha agus Amhairc: meastar an méadú ar airde tuirbíní a bheith réasúnta beag agus nach ndéanfaidh sé aon difear don chomhleanúnachas amhairc le forbairtí cóngaracha amhail Feirm Ghaoithe na nArd-doiriú. Áirítear leis na bearta maolaithe suíomh tuirbíní agus comhtháthú na forbartha le Feirm Ghaoithe láithreach na nArd-doiriú.
- Trácht agus Iompar: ní bheadh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar thrácht ná ar iompar. Mhaolófaí aon tionchair trí phrótacail feithiclí earraí troma, trí bhealaí ainmnithe tarlaithe, trí réamhrabhadh a thabhairt do chónaitheoirí, trí luasteorainneacha, agus trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar riocht na mbóithre.
- Talamh agus Ithir: Deimhníodh sa Mheasúnacht ar Chobhsaíocht Gheoiteicniúil agus Móna go bhfuil ísealriosca teipe móna ann ar an láithreán. Deimhníodh an méid sin freisin trí réamhshuirbhé mionsonraithe a dhéanamh ar an láithreán, trí dhoimhneacht na móna a fhiosrú, agus trí anailísí cobhsaíochta. Moladh bearta sonracha maolaithe chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí féideartha, lena n-áirítear bunsraitheanna leata, criosanna maolánacha tógála, agus córais chuí draenála a úsáid. Maidir le truailliú ithreach a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca doirteadh agus creimeadh de thaisme, mhaolófaí é trí bhearta amhail athbhreoslú íosta a dhéanamh ar an láithreán, limistéir stórála a bhundú, feistis doirte a úsáid, agus córais shealadacha draenála a úsáid.



- Uisce (Hidreolaíocht agus Hidrigeolaíocht): Áirítear leis na héifeachtaí dochracha a d'fhéadfadh a bheith ann rith chun srutha agus creimeadh ó dhromchlaí láithreáin le linn na tógála, arbh é an toradh a d'fhéadfadh a bheith orthu dríodró i sruthchúrsaí áitiúla agus éilliú ó dhoirteadh féideartha breosla agus ceimiceach. Áirítear leis na bearta maolaithe dianrialuithe dríodair agus creimthe, amhail fáлта siolta agus locháin shealadacha mhaolaithe, chun rith uisce dromchla chun srutha a bhainistiú. Chuirfí chun feidhme bearta um rialú ar thruailliú le haghaidh doirteadh coincréite agus stóráil breosla, mar aon le faireachán leanúnach ar cháilíocht an uisce a bheadh faoi fhormhaoirseacht ag Cléireach Comhshaoil Oibreacha. Ina theannta sin, bheadh compúin tógála agus limistéir stórála lonnaithe ar shiúl ó shruthchúrsaí, agus gheofaí réidh láithreach le haon ábhar farasbairr.
- Éaneolaíocht: Áirítear leis na héifeachtaí dochracha a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfeirm ghaoithe bheartaithe ar an éaneolaíocht caillteanas gnáthóige, cur isteach le linn na tógála, agus rioscaí imbhuailte le linn an fheirm ghaoithe a oibriú, rud a dhéanfadh difear ar leith do speicis amhail an Fheadóg Bhuí, Cromán na gCearc, agus an Pocaire Gaoithe. Moltar sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta bearta maolaithe cuí amhail athchóiriú gnáthóg, tógáil lasmuigh de shéasúr an ghoir, Plean Bainistíochta Cearc Fraoigh, líniú teorann limistéar íogair, agus coigeartuithe ar dhearadh tuirbíní chun an riosca imbhuailte a laghdú.



- Oidhreacht Seandálaíochta agus Chultúrtha: Bheadh tionchair dhíreacha íosta ag tógáil na forbartha beartaithe ar shainghnéithe seandálaíochta atá ar eolas. Áirítear leis na bearta maolaithe faireachán seandálaíochta le linn oibreacha talún, tochailt chúramach ballaí páirce cloiche, agus maoirseacht leanúnach ag seandálaithe cáilithe.
- Torann agus Tonnchrith: Bheadh tionchair shuntasacha íosta ag an bhforbairt bheartaithe ar thorann agus ar thonnchrith le linn na tógála agus le linn an fheirm ghaoithe a oibriú araon. Áirítear leis na bearta maolaithe gníomhaíochtaí torannacha a theorannú d'uaireanta sonracha, trealamh ísealtorainn a úsáid, agus faireachán a dhéanamh ar leibhéil torainn chun an cur isteach ar chónaitheoirí in aice láimhe a íoslaghdú. Tugtar le fios i réamhaisnéisí torainn go gcomhlíonfar na Treoirínte maidir le Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt (2006) agus ETSU-R-97 le linn an fheirm ghaoithe a oibriú, agus leibhéil torainn á gcoinneáil faoi bhun 45 dB(A) le linn an lae agus faoi bhun 43 dB(A) san oíche, agus fad 500 méadar ar a laghad ann ó ghabhdóirí atá íogair ó thaobh torainn de.
- Aercháilíocht agus Aeráid: Bheadh tionchair shuntasacha íosta ag an bhforbairt bheartaithe feirme gaoithe ar aercháilíocht le linn na tógála agus le linn an fheirm ghaoithe a oibriú araon. Áirítear leis na bearta maolaithe cleachtais bhainistíochta deannaigh agus prótacail le haghaidh oibriú feithiclí, agus iad ceaptha chun deannach agus astaíochtaí ábhair cháithnínigh a íoslaghdú le linn na tógála.
- Sláinte an Phobail agus Sláinte an Duine: Bheadh tionchair shuntasacha íosta ag an bhforbairt bheartaithe ar shláinte an phobail agus ar shláinte an duine.



Chuir an Bord Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gcrích i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe, agus tháinig sé ar an gconclúid gurbh inghlactha a bheadh éifeachtaí na forbartha beartaithe ar an gcomhshaol, aisti féin agus in éineacht le pleananna agus tionscadail eile sa chomharsanacht, faoi réir na bearta molta maolaithe atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a chur chun feidhme agus faoi réir na coinníollacha atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh. Agus an méid sin á dhéanamh aige, ghlac an Bord an tuarascáil agus na conclúidí ón gcigire. Ar an iomlán, is deimhin leis an mBord nach mbeadh aon éifeachtaí do-ghlactha ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol.

Coinníollacha

1. Déanfar an fhorbairt agus críochnófar í i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí a taisceadh in éineacht leis an iarratas, mar a leasaíodh leis na pleananna agus na sonraí breise a cuireadh faoi bhráid an údaráis pleanála an 26^ú lá de mhí Dheireadh Fómhair 2023, agus leis na pleananna agus na sonraí breise a fuair an Bord Pleanála an 29^ú lá de mhí Eanáir 2024, seachas de réir mar is gá ar shlí eile chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh. I gcás go gceanglófar leis na coinníollacha sin go gcomhaontófaí mionsonraí leis an údarás pleanála, comhaontóidh an forbróir le mionsonraí den sórt sin i scríbhinn leis an údarás pleanála sula dtosófar an fhorbairt, agus déanfar an fhorbairt agus críochnófar í i gcomhréir leis na sonraí comhaontaithe.

Cúis: Ar mhaithe le soiléire.

2. Seachas aon imeacht a údaraítear go sonrach leis an gcead seo, déanfar an fhorbairt agus críochnófar í i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha an cheada a deonaíodh an 19^ú lá de mhí Feabhra 2016 faoi uimhir thagartha PL07.243094 (uimhir thagartha an Bhoird Pleanála), faoi uimhir thagartha 13/829 (uimhir thagartha ar an gclár pleanála), agus faoi aon chomhaontuithe a dhéanfar faoina bhun.

Cúis: Ar mhaithe le soiléire.

3. Rachaidh an cead seo in éag ar dháta éaga uimhir thagartha chead PL07.243094 (uimhir thagartha an Bhoird Pleanála), ach amháin i gcás go mbeidh na tuirbíní agus an bonneagar gaolmhar tógtha roimh an dáta sin.

Cúis: Ar mhaithe le soiléire.

4. Cuirfear chun feidhme na bearta maolaithe atá i Ráiteas Tionchair Natura a cuireadh isteach.

Cúis: Chun sláine Láithreán Eorpach a chosaint.

5. Cuirfear chun feidhme na bearta maolaithe atá sa Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a cuireadh isteach.

Cúis: Chun an comhshaol a chosaint.

6. (a) Beidh gob na dtuirbíní ceadaithe 150 méadar ar airde ar a mhéad. Cuirfear mionsonraí faoi dhearadh, airde agus dath na dtuirbíní faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt.
- (b) Beidh na cáblaí ó na tuirbíní chuig fostáisiún fheirm ghaoithe na nArd-doiriú leagtha faoi thalamh.
- (c) Beidh na tuirbíní gaoithe socraithe chun a chinntiú go rothlóidh na lanna sa treo céanna.
- (d) Beidh na claochladáin a bheidh bainteach le gach tuirbín agus crann aonair lonnaithe laistigh den struchtúr crann tuirbín nó ar leibhéal na talún in aice leis an gcrann.
- (e) Ní chuirfear aon ábhar fógraíochta ar aon struchtúr ar an láithreán, agus ní ghreamófar aon ábhar den sórt sin d'aon struchtúr ar shlí eile, gan cead pleanála a fháil roimh ré.
- (f) Beidh dromchla na rianta rochtana laistigh den láithreán déanta as ábhar oiriúnach a bheidh inghlactha ag an údarás pleanála, agus ní chuirfear aon tarramhacadam ná aon choincréit ar bharr an dromchla.
- (g) Críochnófar bóithre, limistéir chrua-sheasta agus limistéir eile dhromchla chrua chun sástacht scríofa an údaráis pleanála laistigh de thrí mhí ó dháta choimisiúnú na feirme gaoithe.

- (h) Aon ithir, aon charraig nó aon ábhar eile a thochlófar le linn na tógála, ní bheidh siad stoc-charntha ar an láithreán tar éis an obair a chríochnú. Déanfar limistéir thochailte, lena n-áireofar poill charta agus limistéir mhóna, a athchóiriú go cuí laistigh de thrí mhí ó dháta choimisiúnú na feirme gaoithe, i gcomhréir le mionsonraí a chuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála agus a chomhaontófar i scríbhinn leis.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhachtaí an limistéir.

7. Bainfear fásra den láithreán lasmuigh de shéasúr an ghoir don Fhritileán Réisc (*Euphydryas Aurinia*).

Cúis: Mar bheart réamhchúraim ar mhaithe leis an speiceas a chosaint.

8. Tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann, cuirfear mionsonraí faoi cheanglais aerloingseoireachta faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Sula gcoimisiúnófar na tuirbíní, cuirfidh an forbróir an t-údarás pleanála agus Údarás Eitlíochta na hÉireann ar an eolas faoi chomhordanáidí na n-airdí goib, mar a bheidh tógtha, agus faoi chomhordanáidí na dtuirbíní agus an chrainn faireacháin gaoithe.

Cúis: Ar mhaithe le sábháilteacht aerthrachta.

9. Déanfar ina n-iomláine na bearta maolaithe torainn atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus san fhaisnéis bhreise a cuireadh faoi bhráid an údaráis pleanála. Comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) Maidir le torann tuirbín gaoithe a thiocfaidh as an bhforbairt bheartaithe, aisti féin nó in éineacht le forbairt láithreach eile fuinnimh gaoithe nó forbairt cheadaithe eile fuinnimh gaoithe sa chomharsanacht, ní mó í ná

- 5 dB(A) os cionn leibhéil torainn cúlra nó
- 43 dB(A) L90, 10^{nóiméad},

cibé acu is airde, nuair a thomhaistear go seachtrach é ag teaghaisí nó ag gabhdóirí fogaire eile.

- (b) Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfidh an forbróir clár um fhaireachán ar chomhlíonadh torainn don fhorbairt lena mbaineann faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontóidh sé an plean sin i scríbhinn leis, lena n-áireofar aon bhearta maolaithe amhail tuirbíní ar leith a dhírátáil. Déanfar an tomhas torainn ar fad i gcomhréir le Moladh R 1996 ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) dar teideal “Measúnacht ar Thorann i nDáil leis an bhFreagairt Pobail”, arna leasú le Moladh R 1996-1 ó ISO. Cuirfear torthaí tosaigh an fhaireacháin ar chomhlíonadh torainn faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, laistigh de shé mhí ó choimisiúnú na feirme gaoithe.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.



10. (a) Maidir le preabadh scátha a thiocfaidh as an bhforbairt bheartaithe, aisti féin nó in éineacht le forbairt láithreach eile fuinnimh gaoithe nó forbairt cheadaithe eile fuinnimh gaoithe sa chomharsanacht, mairfidh sé tréimhse nach mó ná 30 uair an chloig in aghaidh na bliana nó 30 nóiméad in aghaidh an lae ag teaghaisí láithreacha nó cheadaithe nó ag gabhdóirí íogaire eile.
- (b) Ullmhóidh duine atá cáilithe go cuí tuarascáil ina léireofar comhlíonadh na gceanglas thuasluaite um preabadh scátha ag teaghaisí, ar tuarascáil í a bheidh i gcomhréir le ceanglais an údaráis pleanála. Cuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar í i scríbhinn leis, laistigh de 12 mhí ó choimisiúnú na feirme gaoithe beartaithe.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.

11. Sula dtosófar an fhorbairt, comhaontóidh an forbróir leis an údarás pleanála prótacal le haghaidh measúnacht a dhéanamh ar aon tionchar ar ghlacadh raidió, glacadh teilifíse nó glacadh aon teileachumarsáide eile sa limistéar. I gcás go mbeidh trasnaíocht ann, déanfaidh an forbróir an trasnaíocht sin a leigheas i gcomhréir le modheolaíocht a chomhaontófar i scríbhinn leis an údarás pleanála, tar éis dul i gcomhairle le húdaráis iomchuí eile, agus sula gcoimisiúnófar na tuirbíní.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe.



12. (a) Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfear mionsonraí faoi na nithe seo a leanas faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis:
- (i) Plean Bainistíochta Iompair, lena n-áireofar mionsonraí faoin ngréasán bóithre nó faoi bhealaí tarlaithe, mionsonraí faoi na cineálacha feithiclí a úsáidfear chun ábhair a iompar ar an láithreán agus lasmuigh den láithreán, agus sceideal de bhearta rialaithe le haghaidh ualaí eisceachtúla seachadta atá leathan agus trom.
 - (ii) Suirbhé ar riocht na mbóithre agus na ndroichead feadh na mbealaí tarlaithe, ar suirbhé é a dhéanfaidh duine atá cáilithe go cuí ar chostas an fhorbróra sula dtosófar ar an bhforbairt feirme gaoithe a thógáil agus le linn an fhorbairt a thógáil araon. Áireofar leis an suirbhé sin sceideal den obair is gá chun go mbeidh na bealaí tarlaithe in ann freastal ar thrácht a bhaineann leis an tógáil. Comhaontófar méid agus raon feidhme an tsuirbhé agus an sceideal d'oibreacha leis an údarás pleanála sula dtosófar an fhorbairt.
 - (iii) Socruithe mionsonraithe le haghaidh aon damáiste tógála a thiocfaidh chun cinn a leigheas chun sástacht an údaráis pleanála.
 - (iv) Socruithe mionsonraithe le haghaidh socruithe/rialuithe sealadacha tráchta ar bhóithre.
 - (v) Clár ina léireofar an scála ama ar laistigh de atá sé beartaithe gach bealach poiblí a úsáid chun tógáil na forbartha a éascú.



(vi) Ba cheart mionsonraí a bheith sa phlean sin faoin dóigh a mbeartaíonn an forbróir caidreamh a dhéanamh leis an bpobal áitiúil, agus fógra a thabhairt dó, roimh sheachadadh ualaí ollmhóra.

(b) Criochnófar na hoibreacha uile a thiocfaidh as na socruithe réamhluaite ar chostas an fhorbróra laistigh de 12 mhí ó scor de gach bóthar a úsáid mar bhealach tarlaithe don fhorbairt bheartaithe.

Cheal comhaontú ar aon cheann de na ceanglais sin, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála lena chinneadh.

Cúis: Chun an gréasán bóithre poiblí a chosaint agus chun méid an cheada a shoiléiriú ar mhaithe le sábháilteacht tráchta agus forbairt rianúil.

13. A luaithe a dhíchoimisiúnófar an fheirm ghaoithe go hiomlán nó go páirteach, nó más rud é go scoirfidh an fheirm ghaoithe de bheith ag oibriú ar feadh tréimhse is faide ná bliain amháin, bainfear na crainn agus na tuirbíní lena mbaineann, bainfear gach struchtúr díchoimisiúnaithe, agus bainfear na bunsraitheanna, nó cumhdófar le hithir iad, chun athfhásrú a éascú, laistigh de thrí mhí ón díchoimisiúnú.

Cúis: Chun athshuí sásúil an láithreáin a chinntiú tráth scor den tionscadal.

14. Bainisteofar tógáil na forbartha i gcomhréir le Plean Bainistíochta Tógála, rud a chuirfear faoi bhráid an údaráis pleanála, agus a chomhaontófar i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Soláthrófar sa phlean sin mionsonraí faoin gcleachtas beartaithe tógála don fhorbairt, lena n-áireofar na nithe seo a leanas:
- (a) Láthair an láithreáin agus an chompúin/na gcompún ábhar, lena n-áireofar an limistéar/na limistéir atá sainaitheanta le haghaidh dramhaíl tógála a stóráil;
 - (b) Láthair na limistéar le haghaidh oifigí láithreáin tógála agus saoráidí foirne;
 - (c) Mionsonraí faoi fhálta agus ballaí clár slándála ar an láithreán;
 - (d) Mionsonraí faoi shaoráidí páirceála carranna ar an láithreán d'oibrithe láithreáin le linn na tógála;
 - (e) Bearta chun teacht roimh chiúáil tráchta tógála ar an ngréasán tadhlaigh bóithre;
 - (f) Bearta chun doirteadh nó sil-leagan cré, spallaí nó smionagair eile a chosc ar an ngréasán bóithre poiblí;
 - (g) Na socruithe malartacha a chuirfear i bhfeidhm do choisithe agus feithiclí i gcás go ndúnfar aon bhóthar nó cosán poiblí le linn na n-oibreacha forbartha láithreáin;
 - (h) Uaireanta tógála, lena n-áireofar seachadtaí ábhar chuig an láithreán;

- (i) Mionsonraí faoi bhearta cuí le haghaidh torann, deannach agus tonnchrith a mhaolú agus le haghaidh faireachán a dhéanamh ar leibhéil torainn, deannaigh agus tonnchreatha;
- (j) An dóigh a ndéanfar an breosla agus an ola ar fad a bhaineann leis an tógáil a shrianadh laistigh de bhundaí saintógtha chun a chinntiú gur lánsrianta a bheidh aon doirteadh breosla. Beidh díon ar bhundaí den sórt sin chun uisce báistí a choinneáil amach;
- (k) An dóigh a ndiúscrófar dramhaíl tógála/scartála lasmuigh den láithreán.

Coinneofar taifead á léiriú go mbíonn seiceálacha laethúla á ndéanamh i gcomhréir leis an bPlean Bainistíochta Tógála lena iniúchadh ag an údarás pleanála.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhachtaí agus sábháilteacht.

15. Áiritheoidh an forbróir seirbhísí Éiceolaí atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí aige/aici (chun an ról mar Chléireach Éiceolaíoch Oibreacha a chomhlíonadh) chun suirbhéanna réamhthógála a dhéanamh ag na heilimintí éagsúla tionscadail, lena n-áireofar aon trasrianta abhann, díreach sula dtosófar aon obair, chun a sheiceáil an bhfuil aon speicis chosanta sa chomharsanacht.

Cúis: Ar mhaithe le héiceolaíocht agus fiadhúlra sa limistéar a chosaint.

16. Áiritheoidh an forbróir seirbhísí saineolaí éan atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí aige/aici chun suirbhéanna cuí éan a dhéanamh ar an láithreán seo gach bliain. Forbrófar mionsonraí na suirbhéanna a dhéanfar agus na ceanglais ghaolmhara tuairiscithe tar éis dul i gcomhairle leis an údarás pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis, sula dtosófar an fhorbairt. Cuirfear na tuarascálacha sin isteach ar dháta comhaontaithe gach bliain ar feadh tréimhse cúig bliana, le comhaontú roimh ré i scríbhinn ón údarás pleanála. Seolfar cóipeanna de na tuarascálacha chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Cúis: Chun a chinntiú go ndéanfar faireachán cuí ar thionchar na forbartha ar fhána éanúil an limistéir.

17. Cinnteoidh an forbróir go ndéanfar an gléasra agus an t-innealra ar fad a úsáidfear le linn na n-oibreacha a ghlanadh agus a ní go críochnúil sula seachadfar chuig an láithreán iad ar mhaithe le leathadh speiceas ionrach guaiseach agus pataiginí a chosc.

Cúis: Ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

18. Éascóidh an forbróir caomhnú, taifeadadh agus cosaint ábhar seandálaíochta nó sainghnéithe seandálaíochta atá ann laistigh den láithreán. I ndáil leis sin, déanfaidh an forbróir na nithe seo a leanas:

- (a) Fógra i scríbhinn a thabhairt don údarás pleanála faoin bhforbairt bheartaithe ceithre seachtaine ar a laghad sula dtosófar aon oibríocht ar an láithreán (lena n-áireofar imscrúduithe hidreolaíocha agus geoiteicniúla),



- (b) Seandálaí atá cáilithe go cuí a fhostú, a dhéanfaidh faireachán ar na himscrúduithe láithreáin eile agus na hoibreacha tochailte uile eile, agus
- (c) Socruithe a sholáthar a bheidh inghlactha ag an údarás pleanála le haghaidh aon ábhar seandálaíochta is cuí leis an údarás a thaifeadadh agus a bhaint.

Cheal comhaontú ar aon cheann de na ceanglais sin, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála lena chinneadh.

Cúis: Chun oidhreacht seandálaíochta an láithreáin a chaomhnú agus chun a áirithiú go ndéanfar aon iarsmaí atá ann laistigh den láithreán a chaomhnú agus a chosaint.

- 19. Maidir le socruithe soláthair agus draenála uisce, lena n-áireofar uisce dromchla a mhaolú agus a dhiúscairt, comhlíonfaidh siad ceanglais an údaráis pleanála le haghaidh oibreacha agus seirbhísí den sórt sin.

Cúis: Ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí.

- 20. Sula dtosófar an fhorbairt, cuirfear tograí gnóthachain pobail faoi bhráid an údaráis pleanála, agus comhaontófar iad i scríbhinn leis.

Cúis: Ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

21. Laistigh de bhliain amháin ó choimisiúnú na feirme gaoithe, cuirfear mionsonraí faoi shocruithe taitneamhachta agus rochtana poiblí agus an scála ama lena gcur i bhfeidhm faoi bhráid an údaráis pleanála lena gcomhaontú i scríbhinn aige.

Cúis: Ar mhaithe le taitneamhachtaí áineasa an limistéir a chur ar aghaidh.

22. Sula dtosófar an fhorbairt, taiscfidh an forbróir leis an údarás pleanála taisce airgid, banna de chuid cuideachta árachais, nó cibé urrús eile is inghlactha ag an údarás pleanála, chun a áirithiú go ndéanfar bóithre poiblí a athshuí a bhféadfadh go ndéanfaí damáiste dóibh de dheasca ábhair a iompar chuig an láithreán, mar aon le comhaontú lena dtabharfar de chumhacht don údarás pleanála urrús den sórt sin nó cuid de a úsáid d'athshuí sásúil na mbóithre poiblí. Comhaontófar foirm agus méid an urrúis idir an t-údarás pleanála agus an forbróir nó, cheal comhaontú, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála lena chinneadh.

Cúis: Ar mhaithe le sábháilteacht tráchta agus pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

23. Sula dtosófar an fhorbairt, taiscfidh an forbróir leis an údarás pleanála taisce airgid, banna de chuid cuideachta árachais, nó cibé urrús eile is inghlactha ag an údarás pleanála, chun a áirithiú go ndéanfar an láithreán a athshuí go sásúil tráth scor den tionscadal, mar aon le comhaontú lena dtabharfar de chumhacht don údarás pleanála urrús den sórt sin nó cuid de a úsáid don athshuí sin. Comhaontófar foirm agus méid an urrúis idir an t-údarás pleanála agus an forbróir nó, cheal comhaontú, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála lena chinneadh.

Cúis: Ar mhaithe le forbairt rianúil agus taitneamhacht amhairc agus chun athshuí sásúil an láithreáin a chinntiú.



24. Íocfaidh an forbróir leis an údarás pleanála ranníocaíocht airgeadais i leith bonneagar agus saoráidí poiblí a rachaidh chun tairbhe d'fhorbairt i limistéir an údaráis pleanála, ar nithe iad a sholáthróidh an t-údarás nó a sholáthrófar thar a cheann, nó a bhfuil sé beartaithe ag an údarás iad a sholáthar nó a bhfuil sé beartaithe iad a sholáthar thar a cheann, i gcomhréir le téarmaí na Scéime Ranníocaí Forbartha arna déanamh faoi alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Déanfar an ranníocaíocht sula dtosófar an fhorbairt nó trí cibé íocaíochtaí céimnithe a éascóidh an t-údarás pleanála, agus beidh sí faoi réir aon fhorálacha innéacsaithe is infheidhme den Scéim tráth na híocaíochta. Comhaontófar mionsonraí chur i bhfeidhm na Scéime idir an t-údarás pleanála agus an forbróir nó, cheal comhaontú, tarchuirfear an ní chuig an mBord Pleanála chun cur i bhfeidhm cuí téarmaí na Scéime a chinneadh.

Cúis: Ceanglaítear leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, go ndéanfaí coinníoll lena gceanglaítear ranníocaíocht i gcomhréir leis an Scéim Ranníocaí Forbartha arna déanamh faoi alt 48 den Acht a chur i bhfeidhm i leith an cheada.

Appeal by Knockranny Moycullen Wind Farm Action Group care of Dara Canavan, Pillagh, Moycullen, County Galway and by Others against the decision made on the 22nd day of November, 2023 by Galway County Council to grant subject to conditions a permission to Western Power Developments Limited care of Conor Frehill, HW Planning of 5 Joyce House, Barrack Square, Ballincollig, County Cork in accordance with plans and particulars lodged with the said Council:

